Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9305/25**

**POLCOM 100**
**COMER 82**
**UD 117**
**COHOM 81**
**DELACT 63**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3066 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 21.5.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/125 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3066 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 3066 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2025
C(2025) 3066 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 21.5.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/125 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir do Rialachán (AE) 2019/125 ('an Rialachán') maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[1] cosc a chur, i dtíortha taobh amuigh den Aontas, ar phionós an bháis, ar thaobh amháin, agus ar íde nó ar phionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar an taobh eile.

Déantar idirdhealú leis idir:

- earraí atá mí-úsáideach ó nádúr agus nár cheart a thrádáil in aon chor (Iarscríbhinn II); agus

- earraí a bhféadfadh úsáidí dlisteanacha a bheith acu, amhail trealamh forfheidhmithe dlí (Iarscríbhinn III) agus earraí le haghaidh úsáid theiripeach (Iarscríbhinn IV).

Tá trádáil earraí a liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV le bheith faoi réir rialú éifeachtach i gcás ina n-onnmhairítear ón Aontas Eorpach iad nó i gcás ina ndéanann siad idirthuras tríd an Aontas nó i gcás ina seachadtar go tríú tír iad mar thoradh ar sheirbhísí bróicéireachta nó cúnamh teicniúil.

Ceapadh an Rialachán le bheith ina 'ionstraim bheo', lena n-ionchorpraítear sásraí a chuireann ar a gcumas do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún freagairt go comhpháirteach d'athruithe sa mhargadh slándála idirnáisiúnta agus do chineál úsáide agus mí-úsáide trealaimh forfheidhmithe dlí, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta sa trádáil.

Ní mór liosta na n-earraí a bhfuil tuairisc orthu sa Rialachán a choinneáil cothrom le dáta chun freagairt, ar thaobh amháin, d'athruithe sa mhargadh slándála idirnáisiúnta ina dtarlaíonn forbairtí teicneolaíochta agus margaidh go minic agus, ar an taobh eile, d'athruithe ar úsáid agus ar mhí-úsáid trealaimh forfheidhmithe dlí mar a tugadh faoi deara i dtuarascáil athbhreithnithe 2020 ón gCoimisiún[2]. Chun leanúint de bheith oiriúnach dá fheidhm, ní mór don Rialachán freagairt do threochtaí agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas maidir le céasadh agus drochíde sheachchoimeádta i gcomhthéacs agóidí síochánta a chur faoi chois. Le blianta beaga anuas, bhain údaráis forfheidhmithe dlí i roinnt tíortha mí-úsáid go rialta as airm ar a dtugtar airm ar lú a n-acmhainn chun marú a dhéanamh, lena n-áirítear sprae piobair, canónacha uisce, agus piléir rubair, chun agóideoirí síochánta a chur faoi chois agus a chur ina dtost, rud a chuireann leis an líon méadaitheach saoránach atá á ngortú go dona nó á marú. Tá méadú ag teacht ar an líon agóideoirí in áiteanna áirithe ar fud an domhain a bhíonn faoi réir úsáid iomarcach, neamhdhleathach nó neamhriachtanach fornirt[3].

Tugadh liosta reatha na n-earraí cothrom le dáta go deireanach le Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 1. Tar éis leasuithe a bheith déanta ar Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 a bhaineann le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 200, 30.7.2005, lch. 1) roinnt uaireanta, rinneadh é a chódú mar Rialachán (AE) 2019/125.

[2] COM (2020) 343 final, 30.7.2020.

[3] https://www.amnesty.org/en/latest/news/2022/07/protect-the-protest/

haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[4].

Cuirtear i láthair sa ghníomh tarmligthe seo leasuithe ar liosta na n-earraí a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinní II agus III. Is é atá in Iarscríbhinn II earraí *nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil acu* seachas úsáid ar mhaithe le pionós an bháis nó ar mhaithe le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Is é atá in Iarscríbhinn III na hearraí *a d'fhéadfaí a úsáid* le haghaidh ceastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach:

earraí a úsáidtear go príomha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

earraí a bhfuil baol ábhartha ann, agus a ndearadh agus a saintréithe teicniúil á gcur san áireamh, go n-úsáidfear iad le haghaidh ceastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Toirmisctear leis an ngníomh tarmligthe airm, gairis agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha éagumasúcháin nó greannacha nó substaintí gaolmhara áirithe agus armlón gaolmhar nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí chun daoine a shrianadh nó chun críoch smachtaithe círéibe nó chun críoch féinchosanta. Thairis sin, toirmisctear leis an ngníomh tarmligthe earraí a bhfuil baol mór ann go gcuirfear pian chomh dian sin ar dhaoine leo, nó go bhfulaingeoidh daoine chomh dian sin mar gheall orthu, go bhféadfadh sé a bheith ina chéastóireacht nó ina íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Cuireann na leasuithe go príomha le conclúidí thuarascáil 2020 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le raon feidhme na n-earraí[5], obair ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe an Choimisiúin chun an Rialachán a chur chun feidhme, tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht[6] agus ó eagraíochtaí a dhéanann cearta an duine a chosaint chomh maith le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin[7]. Mar shampla, le hÍosrialacha Caighdeánacha na Náisiún Aontaithe um Dhéileáil le Príosúnaigh (arna n-athbhreithniú in 2015 agus dá ngairtear Rialacha Nelson Mandela), cuirtear toirmeasc ar úsáid uirlisí srianta atá táireach nó pianmhar ó nádúr toisc nach gcomhlíonann siad aon chuspóir dlisteanach forfheidhmithe dlí nach féidir a bhaint amach trí úsáid a bhaint as gnáthshrianta láimhe nó coise, agus mínítear cuimsiú cuibhrigh bhuíne in Iarscríbhinn II, cé gur áiríodh iad roimhe sin in Iarscríbhinn III.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 29(4) den Rialachán: '*Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna*

[4] IO L 338, 13.12.2016, lch. 1.

[5] COM (2020) 343 final, 30.7.2020.

[6] Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht, 'úsáid sheachchoimeádta fornirt agus toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach...', Doiciméad A/72/178 ó na Náisiúin Aontaithe, an 20 Iúil 2017: 'Aon úsáid sheachchoimeádta fornirt nach saothraíonn cuspóir dleathach (dlíthiúlacht), nó nach bhfuil gá léi chun críche dleathaí (riachtanas), nó a dhéanann díobháil iomarcach i gcomparáid leis an gcuspóir atá á shaothrú (comhréireacht), tagann sí salach ar phrionsabail dhlíthiúla idirnáisiúnta sheanbhunaithe lena rialaítear úsáid fornirt ag oifigigh forfheidhmithe dlí, agus is íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach atá inti'.

[7] Íosrialacha Caighdeánacha na Náisiún Aontaithe um Dhéileáil le Príosúnaigh (Rialacha Nelson Mandela), Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, Treoraíocht maidir le hAirm ar lú a n-acmhainn chun marú a dhéanamh i bhForfheidhmiú an Dlí nó Lámhleabhar na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht agus Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach a Imscrúdú agus a Dhoiciméadú go hÉifeachtach (Prótacal Iostanbúl).

*n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*[8]'.

Foráiltear an méid seo a leanas le hAithris 46 den Rialachán: '*Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr'.*

Thairis sin, foráiltear an méid seo a leanas le hAithris 48 den Rialachán: *'Má chinneann an Coimisiún dul i gcomhairle leis an ngrúpa agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige, ba cheart dó déanamh amhlaidh i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr'.*

Rinneadh comhairliúcháin fhorleathana ar feadh míonna le saineolaithe rialtais na mBallstát agus an gníomh tarmligthe seo á ullmhú tríd an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, lena n-áirítear comhairliúcháin ag cruinnithe a tionóladh an 23 Samhain 2023, an 6 Meitheamh 2024 agus an 5 Nollaig 2024.

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe le haghaidh aiseolais ó pháirtithe leasmhara idir an 5 Márta 2025 agus an 2 Aibreán 2025.

San iomlán, fuair an Coimisiún sé aighneacht, ar tháinig trí cinn díobh ó shaoránaigh phríobháideacha, dhá cheann ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ceann amháin ó chuideachta.

Ar an iomlán, aiseolas dearfach a bhí san aiseolas a fuarthas. Thug an Coimisiún dá aire an t-ionchur ó eagraíochtaí neamhrialtasacha lena gcuirtear in iúl go dtacaíonn siad leis an tionscnamh ón gCoimisiún chomh maith leis na moltaí chun raon feidhme an Rialacháin a neartú, a scrúdófar le linn na tuarascála atá le teacht maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán Frithchéastóireachta. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire barúlacha na cuideachta maidir le hítim áirithe in Iarscríbhinn III agus thug sé aghaidh orthu.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 24 den Rialachán: '*cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29, chun Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VII, VIII agus IX [a ghabhann leis an Rialachán] a leasú*'.

8 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21.5.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/125 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (AE) 2019/125, toirmiscfear aon allmhairiú, onnmhairiú hó idirthuras earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin. Is é atá in Iarscríbhinn II earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil acu seachas úsáid ar mhaithe le pionós an bháis nó ar mhaithe le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

(2) De bhun Rialachán (AE) 2019/125, i gcás aon onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, beidh údarú ag teastáil ina leith, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin. Is é atá in Iarscríbhinn III na hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, is é sin earraí a úsáidtear go príomha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus earraí a bhfuil baol ábhartha ann go n-úsáidfear iad le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, agus dearadh agus gnéithe teicniúla na n-earraí sin á gcur san áireamh.

(3) Ní mór liosta na n-earraí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 a choinneáil cothrom le dáta chun freagairt d'athruithe sa mhargadh slándála idirnáisiúnta ina dtarlaíonn forbairtí teicneolaíochta agus margaidh go minic agus d'athruithe ar úsáid agus ar mhí-úsáid trealaimh forfheidhmithe dlí. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 a leasú. Chun ábhar tagartha do na húdaráis inniúla agus do na hoibreoirí eacnamaíocha a éascú, ba cheart Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin a ionadú.

(4) Le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/125 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a leasú.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/125 a leasú dá réir,

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125.

Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21.5.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*